I dTuarascáil Bhliantúil 2018 de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní tuairiscíodh fás láidir ar iarratais paitinne Eorpacha ó roinnt tíortha ag a bhfuil méid níos lú paitinní, Éire ina measc. Tháinig fás 21.4% ar líon na n-iarratas ar Phaitinní Eorpacha as Éirinn i gcomparáid le 2017. Is féidir an chuid is mó den bhfás seo a chur i leith gníomhaíocht paitinne níos mó sa chógaisíocht agus sa teicneolaíocht leighis agus i réimsí a bhaineann le teicneolaíocht feithicle cliste.

Foinsí: Bunachar Sonraí Staidrimh na hEagraíochta Domhanda um Maoine Intleachtúil (EDMI) - Athbhreithniú Bliantúil ar an gConradh Comhair Paitinní, “Facts & Figures” ó Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe (UKIPO), Staidreamh paitinní ó Oifig Paitinní agus Trádmarcanna na Stát Aontaithe (USPTO). Tá an staidreamh comhdúcháin bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadainmnithe. D’fhéadfadh go n-athródh figiúirí stairiúla comhdúcháin ó bhliain go bliain mar gheall ar bhunachair shonraí a bheith á nuashonrú ag na húdaráis phaitinní.

¹ Iarratais a chomhdaigh daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoin gConradh Comhair Paitinní (céim idirnáisiúnta).

² Bhí an anailís bunaithe ar líon na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh le hOifig Eorpach na bPaitinní (iarratais dhíreacha Eorpacha agus iarratais idirnáisiúnta a bhí ag dul isteach sa chéim Eorpach).

³ Tagraíonn comhduite Stáit Aontaithe Mheiriceá le paitinní fónais a dtugtar freisin mar paitinní d’aireagáin.

** Is é an figiúr 2018 sealadach.

Trácht Ghinearálta ar Threochtaí agus ar Ghníomhaíochtaí

Paitinní agus Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna)


Níor chóir glacadh leis go léiríonn an leibhéal comhdúchán paitinne náisiúnta an méid ina bhfuil gnóthais nó aireagóirí atá bunaithe in Éirinn rannpháirteach i ngníomhaíocht nuálach mar d'fhéadfadh gur rogha le gnóthais comhdú tríd an mbealach Eorpach nó úsáid a bhaint as an mbealach Conradh Comhair Paitinní (PCT) seachas comhdú tríd an oifig náisiúnta.

Ní rogha le gnóthais atá láidir ó thaobh Maoine Intleachtúil de, sna hearnálacha a bhíonn dírithe ar easpórtáil, margaí Infheistíochta Dírí ón lasacht agus margaí ilnáisiúnta comhdú in Éirinn ar dtús. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbíonn polasaí ag mórán gnóthas atá bunaithe in Éirinn, go háirithe ag gnóthais ilnáisiúnta a fhorbraíonn Maoine Intleachtúil in Éirinn go minic, iarratais a chomhdú d'fhonn na cearta Maoine Intleachtúla a chosaint i margaí thar lear trína máthairchuideachta a bhfuil a ceanncheathrú bunaithe thar lear. Lena chois sin d'fhéadfadh go bhfuil príomh-mhargaí mórán gnóthais easpórtála Éireannacha lasmuigh d'Éirinn, sa R.A., san Eoraip nó níos faide anonn, sna S.A. agus i dtíortha eile. Dá thoradh sin d'fhéadfadh go bhfuil mar straitéis comhdú paitinní acu cosaint paitinne a fháil ina gcuid príomh-mhargaí trí chomhdú ag Oifig Maoine Intleachtúla de chuid na R.A. (UKIPO), ag Oifig Eorpach na bPaitinní (EPO), ag Oifig Trádmhairc sna Stáit Aontaithe (USPTO) nó trí chomhdú idirnáisiúnta a dhéanamh tríd an gCóras Conradh Comhair Paitinní (PCT).

Cé gur thaispeáin an líon iomlán iarratas ar phaitinní náisiúnta a comhdaíodh in 2018 méadú nach beag i gcomparáid leis na blianta roimhe (ó 268 go 641) is féidir an méadú a mhíniú le líon mór iarratas a fuarthas ó iarrthóir áirithe amháin.

- Tháinig méadú mór ar líon na gComhdúchán Paitinne Náisiúnta gearrthearma le linn 2018 i gcomparáid leis an méid a fuarthas in 2017 (ó 131 go 533) ach tháinig laghdú beag ar líon na n-iarratas fadtéarmacha (síos ó 137 go 108).
- Tháinig laghdú ar iarratais ar Dheimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha (SPCnna) ó 63 in 2017 go 46 in 2018.

Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní agus Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta 2008 – 2018




Trácht Ginearálta ar Threochtaí agus ar Ghníomhaíochtaí

Trádmharcanna agus Dearthaí

Bhí laghdú beag ar líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a fuarthas, is é sin, 2%, i gcomparáid le 2017 (ó 2,765 go 2,697). Tá méadú seasmhach ag teacht ar líon na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a comhdaítear le roinnt blianta anuas de bharr fáis leanúnach ar an eacnamaíocht agus cobhsaíodh a líon in 2018 de réir mar a bhíodh ag súil.

Tháinig laghdú beag ar iarratais idirnáisiúnta ar mharcanna atá ag lorg cosanta in Éirinn i gcomparáid le 2017 (ó 1,195 go 1,159).

Iarratais Náisiúnta ar Trádmharcanna agus Dearaí 2008 – 2018



Bhí líon na n-iarratas ar dhearadh tionsclaíoch a fuair an Oifig suas agus síos le blianta beaga anuas. Bhí an scéal mar an gcéanna anuraidh agus tháinig méadú suntasach ar líon na ndearaí ar leith a ndearnadh iarratas orthu: 155 in 2017 agus 555 in 2018. Ar an gcuid is mó de is féidir an méadú a mhíniú leis an líon mór iarratas ar dhearaí a chuir iarrthóir áirithe amháin isteach.

Trácht Ghinearálta ar Threochtaí agus ar Ghníomhaíochtaí

Trád Mharcanna an Aontais Eorpaigh (TAEnna)

Tháinig trád mharc an Aontais Eorpaigh (Trád mharc Comhphobail roimhe sin) in éifeacht an 1 Aibreán 1996 agus tugtar clárúchán aonair don dílseánach leis, rud atá bailí sna 28 dtír d'AE. Maidir le comhdúcháin iarratas ar thrád mharc an Aontais Eorpaigh (EUTM) ó iarrthóirí ar cónaitheoirí Éireannacha iad, cuireadh roinnt mhaith isteach i gcónaí in 2018 ach tháinig laghdú beag ar a líon ó 1,170 in 2017 go 1,162 in 2018.

EUIPO Iarratais at Thrád Mharcanna agus clárúcháin arna ndéanamh ag daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn

	2015	2016	2017	2018
Iarratais as Thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh	1,103	1,170	1,170	1,162
Líon thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh a cláraíodh	1,003	1,042	1,058	965

Staidreamh ó EUIPO

¹ D'fhéadfadh go n-athróidh figiúirí áirithe ó bhliain go bliain mar gheall ar bhunachair shónraí staidrimh WIPO a bheith á nuashonrú

Trád mharcanna Idirnáisiúnta

Is éard atá i bPrótacal Mhaidrid ná córas idirnáisiúnta um chlárú trád mharcanna. Riarann Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) é. Le córas Mhaidrid, tugtar deis d'úinéir trád mhairc co-saint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha éagsúla trí iarratas amháin a chomhdú. Chomh maith leis sin, éilítear le córas Mhaidrid nach mór iarratas idirnáisiúnta a bheith bunaithe ar iarratas nó clárúchán ar thrád mharc náisiúnta nó AE (dá dtagraítear buniaratas nó bunchlárúchán) a chomhdaítear trí Oifig na bPaitinní in Éirinn nó trí EUIPO, rud ar a dtugtar an "Oifig Thionscnaimh". Tá trád mharc idirnáisiúnta coibhéiseach le hiarratas ar an trád mharc céanna nó le clárúcháin an trád mhairc céanna a chuirtear i bhfeidhm go díreach i ngach ceann de na tíortha atá ainmnithe ag an iarratasóir. Le córas Mhaidrid, tugtar réiteach gnó chliste do chuideachta ar bith atá ag iarraidh a cuid trád mharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh d'AE de ghnáth) agus is féidir leis an méid a úsáideann cuideachtaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn é a bheith ina léiriú fóna ar an rún atá acu margaí eachtracha a aimsiú agus margaí nua a chruthú do raon táirgí atá ann cheana agus do raon táirgí nua.

Thaifead Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil 161 clárúchán idirnáisiúnta sa bhliain 2018 do shealbhóirí trádmharcanna a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn. Áirítear leo sin 1,132 n-ainmniúchán le haghaidh baill eile de chóras Mhaidrid. Sna cásanna sin, d'iarr na sealbhóirí go leathnófaí cosaint le haghaidh a dtrád mharcanna. Dá éis sin, rinneadh 169 bhall sa bhreis de chóras Mhaidrid a ainmniú ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta reatha ó Éirinn d'fhonn raon geografach bunaidh a gcosanta a leathnú chuig balltíortha nó dlínsí breise de chóras Mhaidrid.

Iárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí trád mharcanna a bhfuil sainchónaí/cónaí orthu in Éirinn

	2015	2016	2017	2018
Iarratais Mhaidrid ina bhfuil Éire ina tír ina bhfuil an sealbhóir	174	181	165	186
Líon na gClárúcháin Idirnáisiúnta	158	175	165	161
Ainmniúcháin	1,337	1,601	1,716	1,132
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin	360	339	258	169

Foinse: Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras Mhaidrid ó WIPO do na blianta 2015-2018

- Ní áirítear leis Éireannaigh a bhfuil trád mharc an Aontais Eorpaigh ina seilbh agus a roghnaigh a n-iarratas idirnáisiúnta a bhunú ar an Trád mharc atá acu.
- D'fhéadfadh go n-athróidh figiúirí stairiúla áirithe ó bhliain go bliain mar gheall ar bhunachair shonraí staidrimh WIPO a bheith á nuasunrú.

Trácht Ghinearálta ar Threochtaí agus ar Ghníomhaíochtaí

Breathimeacht agus a thionchar féideartha ar chearta maoinne intleachtúla

Ciallaíonn imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach (AE) ar lá Breathimeacht 2019 nó ina dhiaidh sin nach mbeidh feidhm ag roinnt cearta maoinne intleachtúla atá bunaithe ar Rialacháin AE a thuilleadh san R.A.. Is iad Trádmharcanna an Aontas Eorpaigh (EUTMnna) agus Dearaí Cláraithe Pobail (RCDnna) na leaganna is mó comhchuibhithe de chearta Maoinne Intleachtúla san AE, rud a chiallaíonn gur orthusan is mó a mbeidh tionchar ag Brexit.

Trád mharcanna

Beidh Oifig Maoinne Intleachtúla na Ríochta Aontaithe (UKIPO) ag féachaint ar EUTMnna mar thrád mharcanna atá “inchurtha” le clárúcháin náisiúnta na R.A. agus beidh cosaint acu i gcónaí san R.A.. Tarlóidh sé seo go huathoibríoch agus ní bheidh aon ghá le hiarratas a dhéanamh ná le táillí ar bith a íoc. Cuirfear na marcanna inchurtha isteach ar chlár an UKIPO agus tiocfaidh siad in oidhreacht a ndátaí comhdaithe, tosaíochta, sinsearachta agus athnuachana faoi seach mar is cuí. Beidh siad ina dtrád mharcanna R.A. neamhspleácha ar fad ar féidir iad a cheistiú, a shannadh, a cheadúnú nó a athnuachan go leithleach ón EUTM bunaidh. Caithfear le trád mharcanna idirnáisiúnta faoi Phrótagal Madrid a ainmíonn an AE ar an tslí céanna. Dá réir sin ní fhéachfar orthu mar Chlárúcháin Trádmhairc Idirnáisiúnta a léiríonn an R.A. Beidh téarma na cosanta don gclárú trádmhairc R.A. inchurtha a thiocfaidh as sin ar chomhfhad le téarma an EUTM bhunaidh nó an Chlárúcháin Trádmhairc Idirnáisiúnta bhunaigh a ainmíonn an AE. Caithfear athnuachan na dtrádmharc inchurtha seo a dhéanamh ag an UKIPO de réir na dtáillí agus na dtéarmaí atá leagtha síos ag an UKIPO. Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil a gcuid iarratas ar EUTMnna ar feitheamh ar an dáta a bhfágfaidh an R.A. an AE athchomhdú a dhéanamh, má táthar ag lorg cosanta san R.A., leis an UKIPO laistigh de naoi mhí ó lá Brexit. Coinneoidh a leithéid d’iarratais a gcomhdú, a ndátaí tosaíochta agus sinsearachta AE de réir mar is cuí. Beidh orthu siúd a choinníonn an ceart an chéim seo a ghlacadh chun costas athchomhdú an iarratais a sheasamh de réir struchtúr táille iarratais na R.A. Caithfear le hiarratais ar Chlárúcháin Idirnáisiúnta a ainmíonn an AE agus atá ar feitheamh ar lá Brexit ar an tslí céanna. Mura bhfuil iarratas R.A. déanta laistigh de 9 mí ó d’fhág an R.A. an AE tiocfaidh deireadh le feidhm iarratais ar thrád mhairc EUTM agus IR a ainmíonn an AE sa R.A. le héifeacht ón lá imeachta agus ní chlúdóidh aon chlárúchán a dhéanfar dá thoradh an R.A. ina dhiaidh an dáta seo.

Dearaí

Beidh cosaint ag Dearaí Cláraithe Pobail (RCDnna) san R.A. i gcónaí. Tabharfar dearáí R.A. athchláraithe orthu. Beidh an chosaint acu go huathoibríoch agus ní bheidh aon ghá le hiarratas a dhéanamh ná le táillí ar bith a íoc. Clárófar na dearáí sa chlár UKIPO agus coinneoidh siad a ndátaí comhdúcháin agus tosaíochta faoi seach. Caithfear le dearáí idirnáisiúnta faoi Chonradh Háig a ainmíonn an AE ar an tslí céanna. Dá réir sin ní fhéachfar orthu mar Dhearáí Idirnáisiúnta a léiríonn an R.A.. Is féidir iarratais ar RCDnna atá ar feitheamh ar lá Breathimeacht a athchomhdú leis an UKIPO laistigh de naoi mí ó lá Brexit agus coinneoidh siad a ndáta comhdúcháin agus tosaíochta AE. Caithfear le hiarratais ar Dhearáí Idirnáisiúnta a ainmíonn an AE agus atá ar feitheamh ar lá Brexit ar an tslí céanna. Beidh téarma na cosanta don dearadh R.A. a thiocfaidh as sin ar chomhfhad le téarma an RCD bhunaidh nó an Chlárúcháin Dearaidh Idirnáisiúnta bhunaigh a ainmíonn an AE faoi chomhaontú Háig. Ní mór athnuachan na ndearáí athchláraithe seo a dhéanamh ag UKIPO de réir na dtáillí agus na dtéarmaí atá leagtha amach ag UKIPO. Is féidir leis na dearáí seo a bheith mar bhunús ag imeachtaí i gcúirteanna na R.A. agus ag Binse UKIPO agus is féidir iad a shannadh agus a cheadúnú go neamhspleách ón gceart AE.

Dearáí Neamhchláraithe

Maidir le dearáí Pobail neamhchláraithe a nochtadh don bpobal san AE roimh lá Breathimeacht agus a dtugtar cosaint dóibh ar feadh trí bliana, beidh cosaint acu i gcónaí san R.A. ar feadh an choda den trí bliana atá fágtha. Tabharfar “dearáí Pobail neamhchláraithe leanúnacha” orthu.

Athnuachan Trád mharc R.A. Inchurtha agus Dearáí Athchláraithe R.A.

Meastar go seolfaidh UKIPO fógraí um athnuachan amach chuig úinéirí na dtrád mharcanna agus na ndearáí faoi seach. Moltar d’úinéirí na gclárúcháin seo aird a leith a thabhairt má tá an dáta athnuachana go luath tar éis lá Brexit, d’fhonn a chinntiú go n-athnuaitear a gclárúcháin R.A.. Ba chóir d’úinéirí a bheith ar an airdeall i gcónaí i dtaobh focaíochtaí athnuachana a dhéanamh gan dlisteanacht agus bunús iarratais athnuachana ar bith a scrúdú. Tá sé fíor-dhócha go ndéanfaidh lucht calaoise iarracht ar an deis seo a thapú chun teacht aniar aduaidh ar úinéirí cirt nach bhfuil ag súil lena leithéid agus litreacha athnuachana calaoiseacha a eisiúint.

Saincheisteanna eile a bhaineann le Trád mharc agus Dearadh

Ní mór d’úinéirí a bheith ar an eolas faoi cheadúnais, comhaontuithe cómhaireachtála, urghairí agus imeachtaí sárúithe a d’fhéadfadh an R.A. a ghlacadh san áireamh. Níor mhór athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais agus ar chomhaontuithe cómhaireachtála más rud é nach bhfuil an R.A. luaithe go sonrach ach más é “an AE” ceann de na críocha atá ar an liosta, go háirithe más margadh tábhachtach é an R.A..

Trácht Ghinearálta ar Threochtaí agus ar Ghníomhaíochtaí

Dá mba rud é nach mór d'úinéirí a gcuid cearta a fhorfheidhmiú tríd an dlí tar éis Brexit bheadh orthu dhá imeacht a thionscnamh (ceann amháin os comhair Cúirt an R.A. agus an ceann eile os comhair Cúirt an AE) agus ní bheadh aon dul as maidir le costais arda dlíthíochta. Lena chois sin ní fios cé acu an mbeadh nó nach mbeadh gá le himeachtaí nua os comhair cúirteanna an R.A. i gcás urghairí uile-Eorpacha atá rinneadh cheana féin. Ní rachaidh sé seo i bhfeidhm ar dhlí coiteann an R.A. atá ann cheana féin agus beidh cearta trádhaire faoin tort “passing off” infheidhmithe i gcónaí. B'fhéidir gur chóir do ghnóthais Éireannacha nach ndéanann trádáil ach amháin in Éirinn agus sa R.A. agus a dhéanadh iarratas amháin chuig an EUIPO go dtí seo chun a mbranda(i) a chosaint athmhachnamh a dhéanamh ar a straitéis chomhdúcháin mar d'fhéadfadh sé bheith níos éifeachtaí ó thaobh costais de dhá iarratas ar leith chuig an oifig seo agus chuig UKIPO a dhéanamh.

Paitinní

Ós rud é go bhfuil agus go bhfanfaidh an R.A. rannpháirteach sa Chonradh um Chomhar Paitinní agus sa Chomhdháil Paitinní Eorpacha nach bhfuil ceann ar bith díobh ag brath ar bhallaíocht AE chun a bheith i bhfeidhm, ní tharlóidh aon athrú suntasach i ndáil le paitinní. Mar sin féin, tá roinnt neamhchinnteachtaí ó thaobh dlí de ann maidir le rannpháirtíocht leanúnach na R.A. sa Phaitinn Aonadach agus i gCúirt Aontaithe na bPaitinní mar thoradh ar neamhchinnteacht faoin dáta Brexit iarbhír. Chun Cúirt Aontaithe na bPaitinní a bhunú caithfidh an Fhrainc, an Ghearmáin agus an R.A. Comhaontú Cúirt na bPaitinní a dhaingniú. Tá an Comhaontú seo daingnithe ag an bhFrainc agus ag an R.A. cheana féin ach tá moill ar dhaingniú ón nGearmáin ó táthar ag fanacht le cinneadh ó Chúirt Bhunreatha na Gearmáine faoi “Ghearán Bunreatha”.

Deimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha

Bíodh is go gcuirtear isteach orthu seo agus go ndeonaítear ceann ar cheann ag an leibhéal náisiúnta tá Deimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha faoi réir dlí AE, rud nach mbeidh i bhfeidhm san R.A. a thuilleadh agus dá bhrí sin cuirfidh Brexit isteach orthu. Meastar áfach, gur féidir teacht ar chomhaontú d'fhonn a chinntiú go dtabharfar aitheantas san R.A. do Dheimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha a deonaíodh cheana féin i gcomhair a bhfuil fágtha dá dtéarma. Cé nach bhfuil sé cinnte go hiomlán cé acu ar mhian nó nár mhian le rialtas na R.A. cosaint 'nua' a thairiscint tar éis Brexit, agus más mian, cé acu, an mbeadh nó nach mbeadh na téarmaí cosúil leis an gcóras reatha AE. Fiú amháin má chuireann an R.A. tar éis Brexit ceart coibhéiseach le ceart an Dheimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh Eorpach i bhfeidhm sa R.A. d'fhéadfadh nach leanfaidh as go léirmhíntear dlí Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh na R.A. de réir rialúcháin de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar Rialacháin Deimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha. Tá plé fada déanta ar bhailíocht agus raon cosanta na nDeimhniúcháin Cosanta Fhorlíontach os comhair na Cúirte Breithiúnais le blianta beaga anuas ach d'fhéadfadh cúirteanna na R.A. reachtaíocht 'nua' um Dheimhniúcháin Cosanta Fhorlíontacha a thabhairt i treo eile ar fad, rud as a leanann níos mó neamhchinnteachta d'úinéirí cearta Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh. De bheis air seo tá athbhreithniú á dhéanamh ar dhlí Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh ag leibhéal AE agus de bharr roinnt athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an dá thaobh d'fhéadfadh go mbeidh dlí Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh na R.A. agus an AE imeacht óna chéile, rud a mbeidh timpeallacht dhlíthiúil chasta i réimse a mheastar a bheith casta cheana féin a bheith mar thoradh air.

Cóipcheart Trasteorann

Tá corpas dlí AE ar chóipcheart agus cearta a bhaineann leis ann atá níos fairsinge ná forálacha na gconarthaí idirnáisiúnta éagsúla ar chóipcheart; áirítear orthu roinnt sásraí cóipchirt trasteorann. Sásraí iad a bhaineann go sonrach leis an AE agus tugann siad cosaintí agus tairbhí frithpháirteacha idir ballstáit AE. Áirítear orthu:

- Cearta bunachar sonraí sui generis faoin Treoir um Bhunachar Sonraí (Treoir 96/9/CE).
- Inaistritheacht seirbhís inneachair ar líne faoin Rialachán um Inaistritheacht, (Rialachán (AE) 2017/1128).
- An príonsabal Tíre Tionscnaimh maidir le glanadh cóipchirt i gcraoltóireacht satailíte faoin Treoir Satailíte agus Cábla (Treoir ón gComhairle 93/83/CEE).
- Eisceacht cóipchirt maidir le hoibreacha dílleachta (oibreacha gan úinéirí doiciméadaithe) faoin Treoir um Oibreacha Dílleachta (Treoir 2012/28/AE).
- Comhbhainistiú ar chomhlachtaí ceadúnú cóipchirt faoin Treoir maidir le Comhbhainistiú ar Chóipcheart, (Treoir 2014/26/AE).
- Aistriú trasteorann cóipeanna i bhformáid inrochtana d'oibreacha cóipchirt faoi Threoir Marrakesh, (Treoir (AE) 2017/1564).

Ba chóir d'aonáin Éireannacha a bhaineann úsáid as na sásraí trasteorann seo de chuid AE nach mbaineann siad ach le tíortha an AE nó an LEE. Tar éis Breatimeacht, féadfaidh an AE agus an LEE caitheamh leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír. Más é sin an cás, d'fhéadfadh deireadh a chur le gné chómhalartach na meicníochtaí cóipchirt sin maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Misean agus Cuspóirí Oifig na bPaitinní

Is é misean lárnach Oifig na bPaitinní:

"Córas éifeachtach agus éifeachtach um chosaint maoinne intleachtúla a sholáthar a spreagann forbairt theicneolaíoch agus a chuireann fiontair chun cinn"

Tá sé seo le baint amach trí chosaint cearta maoinne intleachtúla i réimsí na bpaitinní, na dtrádmharcanna agus na ndearaí, scaipeadh réamhghníomhach eolais agus faisnéise ábhartha i gcomhar le gach ceann de na gníomhaíochtaí seo. Leanfaidh Oifig na bPaitinní le páirt a ghlacadh i réimeas rialála nua-aimseartha agus sofhreagrach a bhaint amach, a thacaíonn le nuálaíocht agus le fiontraíocht araon agus a chothaíonn timpeallacht éifeachtach ghnó in Éirinn. Déanann an tráchttaireacht seo a leanas agus an tuarascáil staidrimh a ghabhann leis cur síos ar ghníomhaíochtaí na hOifige i gcomhthéacs seachadadh na sé phríomhchuspóir atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2017-2019. Feictear na sé chuspóir seo mar chuid lárnach d'fhonn misean na hOifige a chomhlíonadh agus a éifeachtúlacht oibríochtúil a chothabháil. Tá an Ráiteas Straitéise ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige (www.patentsoffice.ie)

Cuspóir 1

Seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí

Tá cur síos ar ghealltanas na hOifige ar sheirbhís custaiméirí den scoth sa "Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2017-2019" ina leagtar amach 42 sprioc seirbhíse do chustaiméirí. Leagtar síos teorainneacha ama chomh maith agus is féidir chun tascanna éagsúla do chustaiméirí a chur i gcrích. Leagtar amach go mionsonraithe iad sa chuid ar "Spriocanna Feidhmíochta" den tuarascáil. Tá an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige (www.patentsoffice.ie). Le linn 2018 bhí a cuid seirbhísí á gcur ar fáil ag an Oifig i gcónaí. Baineadh formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí amach ag leibhéal sásúil.

Geallann Oifig na bPaitinní athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a cuid nósanna imeachta riaracháin d'fhonn uasleibhéal éifeachtachta a bhaint amach. Ó 2015 tairgeann an Oifig ríomh-chomhdú le haghaidh iarratas ar thrádmharcanna agus dearaí. Faoi dheireadh 2018 comhdaíodh 92% d'iarratais ar thrádmharc ar líne trí shuíomh gréasáin na hOifige agus comhdaíodh 92% d'iarratais ar dhearadh ar líne. Ní dhéantar comhaid pháipéir a thuilleadh le haghaidh iarratais ar thrádmharc agus ar dhearadh. Faightear go leictreonach iad agus tá próiseas ar bun le haghaidh cuardaigh agus scrúdaithe nach n-úsáidtear aon pháipéar ann ar an gcuid is mó de, rud atá ar aon dul le barrchleachtas idirnáisiúnta. Forbraíodh feidhmiúlacht chun ríomh-chomhdú paitinní agus Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíoantaigh a chumasú agus seolfar go luath in 2019 e. Mar chuid de "soft go live" ghlac an Oifig leis an chéad iarratas paitinne ríomh-chomhdaithe i mí na Nollag 2018. Mar seo chinntigh an Oifig gur chomhlíon sí riachtanas an Rialtais go mbeadh gach nós imeachta ceadúnaithe agus údaraithe don earnáil ghnó ar fáil ar líne roimh dheireadh 2018. Faoi mar atá an scéal le trádmharcanna agus dearaí ní dhéanfar comhaid pháipéir a thuilleadh le haghaidh iarratais ar bith ar phaitinní a ríomh-chomhdaítear leis an Oifig. Le linn 2018 d'fhorbair an Oifig 'Uirlis Teimpléid le haghaidh Sonrú Paitinne'. Teimpléad idirghníomhach é seo a chabhróidh le hiarrthóirí aonair faoi ghannionadaíocht sonrúcháin paitinne lán-fhormáidithe, lán-nochtaithe a ullmhú i gceart. Cuireann an uirlis teoracha soiléire i scríbhinn mar aon le sampla mionsonraithe ar fáil d'úsáideoirí ar ar chóir a chur isteach i ngach cuid den sonrúcháin paitinne. Cuireann sé ar chumas an úsáideora a chuid eolais a iontráil ar scáileán chun an sonrúcháin a chur le chéile de réir mar a ghabhann siad ar aghaidh. Nuair a bhíonn an t-úsáideoir sásta leis an eolas atá curtha ar fáil acu cruthóidh an córas pdf lán-fhormáidithe mar aon le leaganacha word den sonrúcháin paitinne comhlánaithe Is féidir leis an úsáideoir é a shábháil agus a chomhdú ar a chaoithiúlacht. I ndiaidh tástáil slándála cuirfear an uirlis ar fáil i dteannta an mhodúil chun paitinní agus Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíoantaigh a chomhdú ar líne.

Chomh maith le rochtain ar líne saor in aisce ar a cláir, bunachair sonraí, agus Iris Oifigiúil, cuireann an Oifig rochtain ar líne ar fáil d'uirlisí éagsúla cuardaigh atá saoráideach do chustaiméirí ar nós TMView, DesignView, Espacenet agus an Clár Paitinne Cónaidhme. Lena chois sin d'athdhear an Oifig a suíomh gréasáin in 2018 agus rinne uasghrádú air. Dá bharr sin tá sé níos solúbtha ó thaobh seirbhísí ar líne de, íocaíochtaí ar líne san áireamh. Lena chois sin cuireann sé réimse eolais ar Mhain Intleachtúil ar fáil do chustaiméirí na hOifige ar shlí shoiléir éasca.

Cuspóir 2

Próiseáil éifeachtach gnó a chinntiú mar thoradh ar fheabhsuithe bonneagair TFC

Le linn 2018, lean an fhoireann ag scagadh na bpróiseas oibre agus na réiteach teicneolaíochta a thacaíonn lena dtáirgí agus seirbhísí lárnacha chun seachadadh seirbhíse níos éifeachtaí a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag clár r-sheirbhísí na hOifige feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse agus próiseáil níos éifeachtaí trí chomhdú leictreonach, próiseáil comhaid leictreonach agus cumarsáid leictreonach a chomhcheangal ar bhealach a éascóidh próiseasáil gan pháipéar den chuid is mó a thabhairt isteach sa Oifig. Go dtí go raibh ríomh-chódú tugtha isteach le haghaidh iarratais paitinne agus Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh choinnigh an Oifig áis drop box. Áis shábháilte is ea í gur féidir Aturnaetha Maoine Intleachtúla iarratais chriptithe ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearaí a chur isteach go leictreonach. In 2018, bhain 26 chuideachta leas as an áis drop box. Cuirfear deireadh leis an áis drop box in 2019 nuair a bheidh an ríomh-chomhdú do phaitinní agus Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh ag obair go hiomlán.

Feidhmíonn córas íocaíochta ar líne san Oifig a éascaíonn íocaíocht na dTrádmharcanna agus Deartha náisiúnta ar líne chomh maith le gach táillí deontais agus athnuachana do Phaitinní. Íoctar beagnach 100% de tháillí reachtúla na hOifige go leictreonach anois. I gcás custaiméirí nach féidir leo leas a bhaint as an áis íocaíochta ar líne, úsáideann an Oifig críochfort cárta creidmheasa (CCT) freisin chun íocaíocht na dtáillí a éascú ar an teileafón.

Le linn na bliana lean an Oifig ag baint tairbhe as an gcúnamh ó Chiste Comhoibrithe Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a thugann cúnamh d'Oifigí Náisiúnta an AE le hoiliúint agus le huirlisí bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le saolré na dtrádmharcanna agus dearaí. Glacann an Oifig páirt freisin i ngníomhaíochtaí éagsúla comhoibrithe agus oiliúna mar rannpháirtí i Líonra na bPaitinní Eorpacha a fhaigheann tacaíocht ó Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO). Mar chuid den "Tionscnamh cáilíochta ag an bhfoinse" thosaigh an Oifig ag obair leis an EPO chun caighdeán na sonraí paitinne a tharchuirtear chuig an EPO a fheabhsú. Ar a chuid féin, tá an Oifig ag leanúint le tionscadal chun líon na ndoiciméad náisiúnta paitinne a chuirtear i gcartlann leictreonach a mhéadú. Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2013 agus lean sé ar aghaidh i rith 2018 agus é mar aidhm aige na doiciméid ar fad a bhí ar fáil maidir le hiarratas ar phaitinn a chur ar fáil ó na 1960 í go luath sna 2000í, agus iad a chur ar fáil don phobal le féachaint orthu ar an láithreán gréasáin. Meastar go bhfuil thart ar 58,000 doiciméad le scanadh. Leanadh leis an tionscadal in 2018 le níos mó ná 41,000 doiciméad scanta go dtí seo. Mar bheart costais coigiltis agus chun rochtain leanúnach a fháil ar na doiciméid, bheartaigh an Oifig gan an obair seo a sheachfhoinsiú agus tá sí ag baint úsáide as a hacmhainní agus a foireann inmheánach féin.

Maidir le héifeachtaí teicneolaíochta a fheabhsú, uasghrádaíodh an córas riaracháin PTOLEMY go V4 le linn 2018. Bhí an obair a an gcóras ríomh-chomhdúcháin paitinne agus Deimhniúcháin Chosanta Fhorlíontaigh nua críochnaithe nach mór leis an Oifig mar chuid de 'soft go live'. Ghlac sí leis an gcéad iarratas ríomh-chomhaithe ar phaitinn i mí na Nollag 2018. Cuireadh tuilleadh feabhais ar an gcóras ríomh-chomhdúcháin do thrádmharcanna agus ar an gcóras riaracháin PTOLEMY go déanach in 2018 chun gur féidir glacadh le hiarratais trádmhairc neamhthraidisiúnta ó lár mhí Eanáir 2019. Tagann an t-athrú seo mar thoradh ar thras-suí Treorach (AE) 2015/2436 chuig dlí na hÉireann agus seasann sé seo don chéad leasú mór ar dhlí trádmhairc in Éirinn le 20 bliain anuas.

Cuspóir 3

Leanúint ar aghaidh ag cur le cruthú creat éifeachtach dlíthiúil IP in Éirinn agus le beartas IP

Tá rialáil na gceart maoine intleachtúla in Éirinn ina cuid riachtanach den chreat fhoriomlán reachtaíochta lena ndéantar nuálaíocht a spreagadh, a chosaint agus a chur chun cinn. Tá sé ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, a léiríonn an tiomantas atá ag Éirinn do Dhlí Maoine Intleachtúla AE agus do chonarthaí agus do choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile, amhail Coinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus Conarthaí agus Comhaontuithe éagsúla na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil. Is é Aonad Maoine Intleachtúla (AMI) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as beartas maoine intleachtúla agus as reachtaíocht a ullmhú sa réimse sin. Soláthraíonn Oifig na bPaitinní comhairle agus cúnaimh ar na hábhair sin, go háirithe ar an tionchar a d'imreodh athruithe dlíthiúla nó rialála a bheartaítear ar obair na hOifige. Is iad seo a leanas na hábhair ar chuir an Oifig leo ar chuir sí tuairimí in iúl ina leith le linn na bliana 2018:

- **I.R. Uimh. 561 de 2018 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trádmharcanna), 2018** Leis na Rialacháin seo, arna ndéanamh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasaítear agus síntear forálacha áirithe de chuid Acht na dTrádmharcanna, 1996 chun éifeacht reachtúil sa Stát a thabhairt do Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoir 2008/95/EC a bhaineann le trádmharcanna agus d'fhorálacha áirithe de chuid Rialachán (AE) 2017/1001 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 ar Thrádmharc an Aontais Eorpaigh.
- **I.R. Uimh. 562 de 2018 Rialacha na dTrádmharcanna (Leasú), 2018** Is é an príomhrud a dhéantar leis an Ionstraim Reachtúil seo ná nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 a thrasú agus, ar an gcaoi sin, leasaítear agus síntear forálacha áirithe de chuid reachtaíocht thánaisteach trádmharcanna na hÉireann, is é sin Rialacha na dTrádmharcanna, 1996.
- **I.R. Uimh. 563 de 2018 Na Rialacháin um Acht na dTrádmharcanna, 1996 (Trádmharc Comhphobail) (Leasú), 2018** Leis na Rialacháin seo leasaítear forálacha teicniúla áirithe sna Rialacháin um Thrádmharc Comhphobail, 2000 (I.R. 229/2000) (“Rialacháin CTM”).
- **I.R. Uimh. 564 de 2018 Na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí) (Leasú), 2018** Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí), 2001 (I.R. Uimh. 482 de 2001) lena n-áirítear táille nua €125 Leis an Ionstraim Reachtúil seo tugtar isteach leasuithe ar na Rialacha um Paitinní, a tugadh isteach agus a ghearrtar ar clárúchán trádmhairc a roinnt.

Cuspóir 4

Feasacht agus tuiscint ar IP a chur chun cinn i measc ghnó, gnóthais agus mic léinn na hÉireann

Is é ceann de phríomhchuspóirí Oifig na bPaitinní cuidiú le gnóthaí, nuálaithe agus fiontraithe tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh IP cabhrú leo luach a chruthú óna gcuid smaointe agus a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi IPRs (Cearta Maoine Intleachtúla) a chuirfidh ar a gcumas iad a úsáid, a mhaoin intleachtúil a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú ar a chumas is iomláine. Tá clár feasachta IP na hOifige dírithe go sainiúil ar chabhrú le fiontrair bheaga agus micrifhiontrair chomh maith le fiontraithe agus nuálaithe aonair. Lean an oifig ar aghaidh leis an gclár for-rochtana chun feasacht ar mhaoin intleachtúil a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne agus díriodh go háirithe ar an earnáil gnó nua-thionscanta agus ar mhicléinn. Le linn 2018 ghlac an Oifig páirt i 53 imeacht ag a labhair sí faoi chúrsaí Maoine Intleachtúla. Ar na himeachtaí áiríodh cúrsaí ar “Chuir tús le do ghnó féin” a bhí á reáchtáil ag na hOifigí Fiontrair Áitiúla chomh maith le labhairt i gcoláistí tríú leibhéal tríd an gclár “Teorainneacha Nua”. Thug an Oifig faoi ghníomhaíochtaí múscaillt feasachta ar Mhaoin Intleachtúil ag taispeántais éagsúla um chomhairliú gnó agus fiontrair ar fud na tíre, mullach uile-Éireann na bhfiontar beaga agus meánacha, Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta agus Seó na Tulaí Móire, Co. Uíbh Fhailí san áireamh. Lena chois sin reáchtáil an Oifig 54 chlinic faoi Maoin Intleachtúil in 2018. Ionntu tugtar deis don bpobal, d’aireagóirí, fiontraithe agus lucht gnó plé duine le duine a dhéanamh le foireann Oifig na bPaitinní faoi ghnóthaí a bhaineann le hiarratais Maoine Intleachtúla atá i gceist acu a dhéanamh nó atá curtha isteach acu chuig an Oifig cheana féin. Fuarthas go raibh an cur chuige seo an-chabhrach le treoir bhunúsach a sholáthar maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha a theastaíonn chun cearta IP a chlárú, na próisis a bhaineann le cosaint IP a fháil in Éirinn nó thar lear. Cuirtear cúnaimh chun straitéis chuardaigh féin a thógáil do phaitinní, trádmarcanna agus dearáí agus rochtain a fháil ar bhunachair sonraí paitinne, trádmarc agus dearadh ar líne.



Tá cuid shuntasach d'iarrachtaí ardaithe feasachta na hOifige dírithe ar dhaltáí dara leibhéal trí rannpháirtíocht le Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus na Dámhachtainí Bliantúla Fiontraíochta do Mhic Léinn. Lean an Oifig ar aghaidh lena hurraíocht ar dhámhachtainí bronnta ar an dalta a léiríonn a thionscadal an úsáid is fearr as an teicneolaíocht ar bhealaí nua nó feabhsaithe, éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus nuálaíochtaí úra. Ba é Liam O'Mara ó Choláiste Castleroy, Luimneach buaiteoir duais Oifig na bPaitinní in 2018 lena thionscadal dar teideal “*Hel-Mate: a concussion monitoring device*”.



Student Enterprise Awards



Is Dámhachtainí Fiontrair Mac Léinn atá á reáchtáil ag an mBord Fiontar Áitiúil an comórtas fiontar is mó do dhaltáí dara leibhéal in Éirinn le 16,000 rannpháirtí.

Bhí an Craobhchomórtas Náisiúnta ar siúl ar an 7 Aibreán. Ba iad seo a leanas buaiteoirí na ngradam Maoine Intleachtúla: Gradam Sóisearach: “*Complete Caman*”, Presentation Secondary School, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí (sa phictiúr ar chlé); Gradam Idirmheánach: “*Comfy Hands Healthcare*”, Our Lady’s Secondary School, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo; Gradam Sinsearach: “*Back to Basics*”, St. Mary’s Secondary School, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Is éard atá sa chomórtas bealach den scoth don Oifig dul i dteagmháil le daltaí le feasacht ar IP a chur chun cinn nuair a bhíonn smaointe gnó á fhorbairt agus fiontar rathúil á bhunú acu. Cuimsíonn leabhar oibre an SEA caibidil a bhaineann go sonrach le Maoin Intleachtúil, ag cur le feasacht ar IP i measc daltaí dara leibhéal. Leanfaidh Oifig na bPaitinní lena rannpháirtíocht le Dámhachtainí Fiontrair Mac Léinn sa toadhcháil.

Cuspóir 5

Feabhas a chur ar éifeachtacht eagrúcháin trí fheabhas a chur ar scileanna foirne, sásamh poist agus roinnt eolais

Ón 31 Nollaig 2018 bhí 47 post údaraithe ag an Oifig. Mar sin féin, nuair a chuirtear sosanna gairme, comhroinnt oibre agus socruithe oibre a thacaíonn leis an teaghlach, d'oibrigh an Oifig le leibhéal comhionann foirne de 43.58 fostaí lánaimseartha l rith 2018. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na mball foirne atá ag obair san Oifig ó dhíláraigh an Oifig go Cill Chainnigh den chéad uair i 1998. Tháinig laghdú suntasach ar líon na mball foirne atá ag obair san Oifig ó díláraíodh an Oifig chuig Cill Chainnigh in 1998. Tá laghdú suntasach ar an líon foirne tagtha de bharr uathoibriú na nósanna imeachta agus feabhsuithe nuálacha ar phróiseáil gnó inmheánach, ó 76 sa bhliain 1998 go 43.58 post (coibhéiseach lánaimseartha) amhail 31 Nollaig 2018. D'fhéach an Oifig le freastal ar éilimh seirbhíse poiblí ardleibhéil le laghdú ar an bhfoireann agus níos lú acmhainní agus gan siléig a dhéanamh in éifeachtacht oibriúcháin, trí nósanna imeachta níos fearr níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm agus trí teicneolaíocht a úsáid. Tá an Oifig tiomanta do chinntiú go ndéantar measúnú rialta ar gach feidhmíocht foirne agus go ndéanfar athbhreithnithe foirne a chríochnú go tráthúil. Nascann an Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDs) le plean gnó bliantúil na hOifige agus tugann sé deis do gach ball foirne spriocanna aonair a leagan síos, tús a chur le hathruithe a dhéanamh agus leanúint de bheith ag feabhsú cleachtais oibre chun seirbhís éifeachtach ardchaighdeáin a sheachadadh. De réir an chórais PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oilíúna a thóg san áireamh na riachtanais is oilíúna éagsúla a d'aithin an fhoireann ina bpleananna forbartha pearsanta do 2018. Lasmuigh den oiliúint leanúnach ar an láthair, cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí amhail an geilleagar, córais airgeadais, agus scileanna cumarsáide. Le linn a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, baineann an Oifig i gcónaí leis na oibleagáidí san Alt 42 den 2014 Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, chun :

- idirdhealú a dhíbirt;
- comhionannas i ndeiseanna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fail dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Lean an fhoireann lena ról lárnach maidir le tomhaltas fuinnimh a laghdú laistigh den Oifig i gcomhréir leis an gClár Earnála Poiblí atá i bPlean Gníomhaíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh an Rialtais. Tá sé mar sprioc ag an bplean tomhaltas fuinnimh alaghdú, feasacht foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar heidhmíocht trealamh téimh / aerchóirithe. Mar thoradh ar na bearta coigilt fuinnimh atá curtha bhfeidhm ag an bhfoireann, tá coigiltis suntasacha tomhaltas fuinnimh le bliain anuas (i gcomparáid le 2008, an bhliain thagarmharcála) agus sábháil iarmhartach i gcostais fuinnimh. Laghdaigh tomhaltas fuinnimh san fhoirgneamh de 30 % abhuí lenár rannpháirtíocht san fheachtas “Optimizing Power@Work” in 2008.

Cuspóir 6

Oibrigh agus comhoibrigh le comhpháirtithe an AE, idirnáisiúnta agus le hoifigí náisiúnta eile le cinntiú go mbeidh córais Eorpacha agus Idirlín IP inrochtana do ghnó agus d'fhiontar na hÉireann

Déanann baill foirne Oifig na bPaitinní ionadaíocht d'Éirinn ag roinnt fóram idirnáisiúnta. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cinntíonn siad go gcuirtear seasamh na hOifige ar ábhair Mhaoine Intleachtúla in iúl, go gcuirtear daoine ar an eolas faoin seasamh sin agus go dtugtar cosaint dó. Déanann ardbhainisteoirí na hOifige ionadaíocht d'Éirinn ar Chomhairle Riaracháin Oifig Eorpach na bPaitinní agus ar na Coistí Bainistíochta éagsúla dá cuid. Déanann siad ionadaíocht don tír ar Bhord Bainistíochta agus ar Choiste Buiséid EUIPO freisin. Agus iad ina saineolaithe ina réimsí féin, suíonn baill foirne ar roinnt coistí teicniúla agus idirchaidrimh de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus EUIPO. Suíonn siad freisin ar Mheithleacha Tionscail a bhrúnn tionscnaimh chóineasaithe agus chomhchuibhithe Eorpacha chun cinn in EUIPO. Le linn 2018 toghadh an Rialaitheoir, an tUas. Gerard Barrett mar Leaschathaoirleach ar Choiste Buiséid & Airgeadais na hOifige Paitinní Eorpaí agus lena chois sin toghadh é mar bhall Bord Comhairle Riaracháin na hEagraíochta Eorpaí um Phaitinní. Toghadh an tUas. Dermot Doyle, Ceann Trádmharcanna, mar Leaschathaoirleach Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh Tá clár chomhair dhéthaobhaigh i bhfeidhm ag an Oifig le hOifig Eorpach na bPaitinní agus le EUIPO freisin, ar clár iad faoina bhfaigheann an Oifig cúnamh le haghaidh na nithe seo a leanas: páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla atá dírithe ar fheasacht ar MI a ardú, páirt a ghlacadh i sainoilíúint MI, páirt a ghlacadh i dtionscadail TFC arb é is aidhm dóibh malartú sonraí MI a éascú, uirlisí a fhorbairt chun rochtain níos fearr a chur ar fáil ar fhaisnéis MI agus cleachtais agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú. Éascaíonn ár rannpháirtíocht sna cláir comhphlé a dhéanamh ar ábhar agus ar struchtúr clár comhair idir na heagraíochtaí sin agus oifigí náisiúnta eile MI san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta bealaí nósanna imeachta riaracháin agus rialacha cur chun feidhme a chinneadh le haghaidh cosaint aonadach paitinne.

Gradam 2018 um Barrfheabhas agus Nuáil Seirbhíse

Tíolacadh Gradam 2018 um Barrfheabhas agus Nuáil Seirbhíse ag searmanas i Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath, ar an 22 Samhain 2018. Reáchtáiltear an Searmanas Gradaim gach bliain chun aitheantas poiblí a thabhairt do bharrfheabhas agus nuáil thar na Státseirbhíse agus bunaíodh iad faoin bPlean um Nuáil na Státseirbhíse. Ar an iomlán bhí 30 togra ar an ngearrliosta ó réimsí ar fud na Státseirbhíse. Bhí 11 bhuaiteoir ann ag an oíche. Bhí Oifig na bPaitinní ar an ngearrliosta faoin gcatagóir Sármaidheas Digiteach as ucht a hiarratais faoi sheirbhísí agus uirlisí ríomh-ghnó. D'fhreastail na foirne a bhí ar an ngearrliosta ó réimsí ar fud na Státseirbhíse ar an searmanas gradaim, mar aon leo siúd a bhí rannpháirteach sa phróiseas gradaim, státseirbhísigh shinsearacha lena n-áirítear an tArdrúnaí, an Dr. Orlaigh Quinn, agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe T.D. Tá tionscadal Oifig na bPaitinní um sheirbhísí agus uirlisí ríomh-ghnó dírithe ar phríomhsheirbhísí a sholáthar chuig gnó ar shlí dhigiteach agus ar líne. Agus í ag úsáid teicneolaíochta foinse oscailte d'fhorbair an Oifig sraith ríomh-sheirbhísí saor in aisce atá éasca le n-úsáid, idir chuardach trádmhairc agus dearaidh ar líne agus ríomh-chomhdú agus uirlisí íocaíochta. Trí feabhas a chur ar réitigh dhigiteacha d'éirigh leis an Oifig gearradh siar ar an líon foirne agus tá próiseáil nach bhfuil an oiread sin saothair ag gabháil léi agus ardleibhéil sástacht custaiméara bainte amach aici.



Baill d'fhoireann tionscadail Oifig na bPaitinní: John Nolan, Mary Flynn, Gerard Barrett, John Tuffy agus Avril Hetherington.

An t-Irisleabhar Oifigiúil

An t-Irisleabhar Oifigiúil

Foilsítear an t-irisleabhar gach coicís ar an suíomh Gréasáin. Is i ngach eagrán den irisleabhar a bhíonn innéacs inchoardaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí agus faoi chlárúcháin. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach irisleabhar faoi thrádmharcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san irisleabhar freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san irisleabhar chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Cuireadh saoráid idirghníomhach leis an irisleabhar. Mar gheall ar an tsaoráid sin, tá úsáideoirí in ann an sliocht d'aon phaitinn, d'aon trádmharc nó d'aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain laistigh den irisleabhar anois trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den irisleabhar.

Suíomh Gréasáin Oifig na bPaitinní

The screenshot shows the homepage of the Irish Patents Office. At the top, there is a navigation bar with links for 'Gaeilge', 'News & Events', and 'About Us'. Below this is a secondary menu with 'Understanding IP', 'Types of IP', 'IP Search Tools', 'Commercialise Your IP', 'Manage IP', and 'Law & Practice'. The main heading is 'Turning ideas into assets', followed by a sub-heading: 'The Patents Office is the official Irish government body responsible for intellectual property (IP) rights including patents, designs, trade marks and copyright.' Below this are four columns, each with an icon and a brief description: 'Patents' (lightbulb icon), 'Trade Marks' (registered trademark icon), 'Designs' (design icon), and 'Copyright' (copyright symbol icon). At the bottom, there are three colored boxes: a teal box asking 'What type of IP is right for you?', a red box asking 'Is your idea, invention or brand available?', and a blue box for 'Online Services' with 'APPLY ONLINE' and 'PAY ONLINE' buttons.

Soláthraíonn an suíomh gréasáin (www.patentsoffice.ie) réamhrá ginearálta do mhaoín intleachtúil agus eolas sonrach ar conas do smaointe a chosaint agus tá rannán ann ar MI do ghnó. Ar sheirbhísí ar líne áirítear: íocaíochtaí táillí ar líne, ríomh-chomhdú iarratas ar thrádmharcanna agus dearaí, féachaint ar chláir agus bunachar sonraí trádmharcanna agus dearaí agus iad a chuardach; cláir eagraíochtaí a cheadúnaíonn cóipcheart agus cláir gníomhairí paitinní agus trádmharcanna. Áirítear ar an ábhar atá foilsithe ar an ngréasán tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo, réimse de leabhráin fhaisnéise MI, ráiteas reatha straitéise na hOifige agus plean gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí agus gach reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna Oifig na bPaitinní.

Lean láithreán gréasáin na hOifige mar phríomhuirlis chun eolas a chur ar fáil don phobal ar IP chomh maith le bealach éifeachtach chun raon seirbhísí cuardaigh idirghníomhacha agus íocaíochta táille a sholáthar. Bhí líon na gcuariteanna ar an láithreán gréasáin ag meán 25,000 aghaidh na míosa nó 301,500 in aghaidh na bliana in 2018. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, leanann an tóir is mó ar na leathanaigh cuardaigh idir ghníomhacha ar líne le breis is 237,800 cuairt in 2018.

Uasghrádú ar an Suíomh Gréasáin

Cuireadh suíomh gréasáin Oifig na bPaitinní ar bun ar dtús in 1997 i gcomhar le Oifig Eorpach na bPaitinní agus bhí sí á hóstáil ar fhreastalaí na hOifige Eorpaí an uair úd. Bhog an Oifig a suíomh gréasáin féin chuig a freastalaí féin a bhí bunaithe go háitiúil sa bhliain 1999. Rinneadh leagan amach agus dearadh nua sa bhliain 2005. Ó 2005 ar aghaidh fíodh níos mó gnéithe idirghníomhacha atá dírithe ar sheirbhís custaiméara sa suíomh agus rinneadh uirlis thábhachtach den suíomh maidir le seirbhísí Maoine Intleachtú

Bhí gá leis an suíomh a uasghrádú agus athdhearadh a dhéanamh air d'fhonn coinneáil bord ar bord le forbairtí reatha ar shuíomh ghréasáin i ndáil le hinúsáideacht agus cur i láthair ó thaobh físe de, agus d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí é a fheiceáil mar is ceart i leaganacha nua brabhsáilthe. Lena chois sin bhí gá le huasghrádú d'fhonn tairseach oiriúnach a chur ar fáil chun soláthar éifeachtach ríomh-sheirbhísí na hOifige chuig an earnáil ghnó a éascú. Bhí gá, ina thaobh seo, éileamh an Taoisigh/an Rialtais a chomhlíonadh go mbeadh ríomh-sholáthar gach seirbhís rialtais ar nós ceadúnaithe, údaraithe, deimhnithe, iarratais ar cheadúnas agus glacadh le híocaíochtaí a bhaineann le húsáideoirí nó, go mbeidís siúd ar fáil faoin mbliain 2018.

Seoladh an suíomh gréasáin nua in 2018 agus tairgeann sé siúd dearadh suíomh níos freagrúla mar aon le hinneachar nuashonraithe, níos mó solúbthacht ó thaobh seirbhísí ar líne de agus cuireann sé níos mó eolais ar fáil do chustaiméirí na hOifige ar shlí shoiléir atá éasca le húsáid ag an úsáideoir.

Comhoibriú Idirnáisiúnta



Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhair lena macasamhlacha i dtíortha eile, leis an Oifig um Chomhchuíbhíú sa Mhargadh Inmheánach (OCMI) agus le hOifig Paitinní na hEorpa ar roinnt tionscadal arb é is aidhm dóibh comhchuíbhíú a chur chun cinn ar fud oifigí náisiúnta MI agus cúrsaí a éascú d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádhmhairc agus dearaidh.

Clár Comhair EUIPO

Nascann Clár Comhoibrithe EUIPO, arna seoladh in 2011, EUIPO le hOifigí Náisiúnta agus le Cumainn Úsáideoirí chun talamh coitianta a bhaint amach i réimsí ina bhfuil cleachtais dhifriúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé an obair atá á déanamh chun uirlisí cumarsáide TF a chruthú faoin gCiste Comhoibrithe. Glacann foireann na hOifige páirt sna Grúpaí Oibre a bunaíodh le haghaidh gach tionscadal cóineasaithe. Is iad seo a leanas na príomhbhuntaistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasú éagsúla:

Is iad seo a leanas na príomhbhuntaistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasú éagsúla:


- Soiléire agus trédhearcacht: Coinníonn tionscnaimh roinnte cumarsáide na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi dul chun cinn ar bhealach tráthúil, le heolas comhaontaithe.
- Caighdeán agus inúsáidteacht: rochtain éifeachtach agus éifeachtach ar chosaint a thairgeann córais chláraithe ag leibhéal náisiúnta agus an AE araon.
- Deimhneacht dhlíthiúil: cinnteacht mhéadaithe dhlíthiúil a bhuí le níos mó comhsheasmhachta i gcinntí a rinneadh ag leibhéal náisiúnta agus an AE.
- Coigiltis ama agus costais: laghdúithe féideartha ar am próiseála iarratais agus coigilteas costais le haghaidh oifigí IP agus iarrthóirí araon.

Fuair an Oifig tacaíocht ó EUIPO freisin chun a chuid uirlisí príomhthionscnaimh TM view agus Design view a choinneáil. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith costas imeachtaí ardaithe feasachta, tráth a scaipeadh eols maidir leis an Trádhmairc Pobail agus na Córais Deartha Pobail. Rinneadh tuilleadh forbartha le linn 2018 ar shraith nua na dTograí Comhair a seoladh de réir cuspóirí Plean Straitéisigh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh 2020 agus mar seo tógadh ar ar baineadh amach faoin bPlean Straitéiseach 2011-2015. Tá ionadaíocht ar an Oifig i nGrúpa Oibre um Anailís ar Choinbhéirseacht de chuid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus d'oibrigh sí as lámh a chéile go rathúil le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ar ghnéithe teicniúla chun tras-suí na Treorach Trádhmaircanna chun tabhairt isteach cineálacha trádhmairc nua a éascú i mí Eanáir 2019. Lena chois sin chabhraigh an Oifig, trína hionadaí, an tUas. John P. Nolan, i gComhcheardlann Theicniúil ar Uirlisí Maoine Intleachtúla a réachtáladh i gcomhar le hOifig Réigiúnach na hAfraice um Mhain Intleachtúil i mí Iúil 2018. D'fhreastail ionadaithe ó dhá thír is fiche na hAfraice ar an imeacht seo.

Comhoibriú EUIPO

Tá clár comhoibrithe déthaobhaigh ag an Oifig leis an EPO. Éascaíonn an Clár comhoibriú den chuid is mó idir Oifig na bPaitinní agus an EPO i réimsí ar nós oiliúint speisialaithe, sealbhú sonraí bunaithe ar cháilíocht ag foinse agus imeachtaí Líonra na bPaitinní Eorpacha atá dírithe ar Chóras na bPaitinní Eorpacha a neartú.

Eagrú Struchtúr agus Pearsanra




Foireann ar Seirbhís


Foireann	Líon na bpost
Ceannasaí	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	1
Scrúdaitheoir Paitinne	4
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	3
Oifigeach Riaracháin	1
Oifigeach Feidhmiúcháin	19
Oifigeach Cléireachais	16
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	47

Áirítear leis na 47 bhall foirne 2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Riaracháin, 6 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 4 Oifigeach Cléireachais a bhain leas as scéim comhroinnte oibre, rud lena gceadaítear patrúin éagsúla freastail. Bhain triúr ball foirne leas as scéim teilea-oibrithe, rud lena gceadaítear do bhaill foirne a gcuid dualgas a chomhlíonadh ón mbaile ar feadh cuid den tseachtain. B'ionann agus 43.58 post líon na bpost coibhéise lánaimseartha san Oifig an 31 Nollaig 2018. Cuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta seirbhísí teicneolaíocht faisnéise ar fáil don Oifig. Tá ceathrar ball foirne ann d'Aonad Teicneolaíocht Faisnéise na Roinne atá suite san Oifig.

Staidreamh Gnó - Paitinní



Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní on tír den chéad iarratasóir



■ Iarratasóirí IE
■ Iarratasóirí Eachtrannacha

Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní faoi contae i 2018


IARRATAIS FAIGHTE			BLIAIN	PAITINNÍ DEONTA		
Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN		Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN
149	138	287	2016	64	100	164
137	131	268	2017	60	27	87
108	533	641	2018	52	35	87

Ar an 31 Nollaig 2018, bhí 1,549 arratas san iomlán ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 177 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht. Fuarthas 194 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i 2018 i gcomparáid le 183 i 2017.

Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn

Bliain	Comhadaithe	Bliain	Comhadaithe	Bliain	Comhadaithe
1992	11,755	2001	103,659	2010	146,726
1993	35,762	2002	96,779	2011	141,373
1994	40,705	2003	104,529	2012	147,551
1995	44,161	2004	111,537	2013	147,487
1996	52,755	2005	117,096	2014	152,400
1997	41,875	2006	123,912	2015	160,028
1998	61,584	2007	129,890	2016	159,358
1999	65,708	2008	133,248	2017	165,629
2000	76,806	2009	128,378	2018	174,317

Níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thuas ach seo thíos na figiúirí fana gcoinne. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní. Tá an seasamh céanna dlíthiúil acu in Éirinn is a bheadh dá mbeidís deonta ag an Oifig-se.



Paitinní a deonadh i 2018 a raibh feidhm leo sa Stát

2018	Iomlán	Líon na bPaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de nan paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag m'Oifig-se	87	55	63%
Deonta ag an OPE	123,833	522	0.42%
Iomlán Deonta	123,920	577	0.46%

Paitinní

	2016	2017	2018
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	887	794	914
Paitinní cúlghairthe	0	0	0
Paitinní tugtha suas	2	1	1
Paitinní tite ar lár	61,306	77,528	94,503
Paitinní curtha ar ais	10	6	12
Paitinní athnuaite	44,729	47,837	51,463
Paitinní éagtha	1,198	1,240	1,258
Paitinní i bhfeidhm*	147,125	169,453	197,468
Éisteachtaí	1	0	1
Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig EDMI	23	15	16
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig OPE	4	2	0

* Áirítear leis na figiúirí do phaitinní atá i bhfeidhm freisin Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha atá i bhfeidhm.

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas 46 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialachán na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 46 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 3 iarratas agus tarraingíodh siar 8 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 164 iarratas ar feitheamh.

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh na bliana 2018, bhí 87 duine aonair agus 8 comhpháirtíochtaí iontráilte i gClár na nGníomhairí Paitinne.

AICMIÚ AR NA PAITINNÍ A DHEONAIGH AN OIFIG SA BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018 DAR LEIS AN AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA PAITINNE (AIP)


Nóta ar Aicmiú Paitinne

Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadaíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. Tugtar cód aicmithe ar gach ní airgtheach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorghaol eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasar nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní i 2018. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.


AICMIÚ	An líon deonuithe san Aicmiú *
A. RIACHTANAIS DAONNA m.sh. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta.	35
B. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTAÍ; IOMPAR: m.sh. Teicneolaíocht múnlaíthe, priontála, feithicle.	45
C. CEIMIC; MIOTALÓIREACHT	12
D. TEICSTÍLÍ; PÁIPÉAR	1
E. TÓGÁIL SHEASTA: m.sh. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht.	35
F. INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL; SOILSIÚ; TÉAMH, ARMÁIN; PLÉASCADH	25
G. FISIC: m.sh. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach.	18
H. LEICTREACHAS: m.sh. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais.	1

* Nóta:- Toisc gur féidir paitinn a dheontar a bheith aicmithe i níos mó ná réimse amháin teicneolaíochta, beidh líon na rangaithe ina mbeidh aireagán níos mó ná líon na bpaitinní a dheontar.


AICMITHE DE RÉIR CHOIDANNA IPC DO PHAITINNÍ DEONAITHE IN 2018



Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna



Iarratais Náisiúnta
Trádmharcanna on tír den chéad
iarratasóir



■ Iarratasóirí IE
■ Iarratasóirí Eachtrannacha

Iarratais Náisiúnta ar Thrádmharcanna faoi contae í 2018

Iarratais Náisiúnta					Clárúcháin Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire			
Iarratais a Fuarthas	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí cláraith8	Bliain	Iarratais a Fuarthas	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cosanta
2,694	2,246	91	1,894	2016	891	865	7	888
2,765	1,779	50	1,896	2017	1,195	849	9	862
2,697	2,111	61	1,713	2018	1,159	870	5	844

Trádmharcanna

	2016	2017	2018
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1,769	1,484	966
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	121	10	21
Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	2,112	4,616	4,165
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	25	10	10
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	5	10	15
Clárúcháin trádmharc athnuaithe	5,537	5,472	5,517
Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	7	4	4
Trádmhairc Idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	0	0	0
Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí	1	1	1
Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	60,944	58,207	55,727
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	20,946	20,600	20,221
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	81,890	78,807	75,948

Éisteachtaí agus Ilnithe

	2016	2017	2018
Éisteachtaí (<i>ex-parte</i>)	4	3	10
Éisteachtaí (<i>inter-partes</i>)	6	4	8
Eisteachtaí (<i>inter-partes ar mhodh aighneacht i scríbhínn</i>) *	4	9	11
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	37	24	16
Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tionscnaimh comhadaithe atá curtha chuig EDMI	62	65	74

*Léirítear san fhíor seo líon na n-imeachtaí idir na páirtithe a cinneadh bunaithe ar aighneachtaí i scríbhinn in ionad bheith i láthair ag éisteacht.

Clár na nGníomhairí Trádmhairc


Ag deireadh na bliana 2018, bhí 241 duine aonair agus 7 comhpháirtíocht iontráilte ar an gClár.

**AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA AR EARRAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSÍ INA GCUIRTEAR NA
MARCANNA A CLÁRAÍODH IN 2018**


Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear “Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (11th) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	53	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	25
2	Péinteanna, srl.	22	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	117
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	72	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	8
4	Oláí Tionsclaíochta, srl.	26	27	Cairpéid, srl.	13
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	148	28	Cluichí, srl.	65
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	28	29	Feoil, Iasc, Éineoil agus Géim, srl.	144
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	30	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	198
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl.	17	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	59
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	222	32	Beoir, srl.	60
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	28	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	88
11	Fearas Soilsithe	57	34	Tobac, srl.	18
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	41	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	281
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	3	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	137
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	34	37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, I Seirbhísí suiteála.	77
15	Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	8	38	Teileachumarsáidí	44
16	Páipéar, srl.	148	39	Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	94
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	20	40	Cóiriú Ábhar	35
18	Leathar, srl.	48	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	301
19	Ábhair Thógála, srl.	39	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	160
20	Troscán, Srl.	32	43	Soláthar bia agus dí	166
21	Acraí Beaga Tí, srl.	52	44	Seirbhísí míochaine, srl.	102
22	Rópaí, srl.	1	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	67
23	Snáitheanna	3			

Staidreamh Gnó - Dearaí



Iarratais Náisiúnta Dearaí on tír den chéad iarratasóir



■ Iarratasóirí IE

■ Iarratasóirí Eachtrannacha

Iarratais Náisiúnta ar Dhearaí faoi contaie í 2018

	2016	2017	2018
Líon na ndearaí iarrtha*	181	155	555
Dearaí cláraithe	116	96	588
Dearaí tite ar lár	90	96	236
Dearaí athnuaite	30	76	63
Dearaí i bhfeidhm	1,134	1,140	1,630

*Nóta - Déanann Riall 19 de Rialacháin um Dheardh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur féidir 2 dheardh nó níos mó faoi réir ag uaslíon de 100 deardh a bheith comhcheangailte in aon iarratas amháin ar chlárú dearaí.

DEARAÍ A CLÁRAÍODH FAOI ACHT DEARADH TIONSCLAÍOCH, 2001 I GCAITHEAMH NA BLIANA DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearáí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearáí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearáí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (12ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

Rang	Aicmiúchán	Dearáí Cláraithe
1	Ábhair Bia	0
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	444
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	17
4	Earraí scuaibe	6
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	0
6	Feistis	7
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	6
8	Uirlisí agus Crua-earraí	1
9	Pacáistí agus Gabhdáin d’Iompar nó do Láimhseáil Earraí	27
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	1
11	Earraí Maisiúcháin	42
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	0
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	0
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	0
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	3
17	Uirlisí Ceoil	0
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanáireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	3
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	1
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	7
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	0
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	1
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	0
26	Fearas Soilsithe	11
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	2
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	1
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	0
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	9
	IOMLÁN	588

*Is féidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe.

Comhbhainistíocht Ceart

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasúidh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016. Tá dhá aidhm ag an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar líne

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 7 cinn de na 13 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláráithe atá ag feidhmiú sa Stát.

Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaimne go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2018 chinn an Rialaitheoir tagairt amháin faoi Alt 38. Níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

Sa bhliain 2018 cláraíodh dhá chomhlacht déag i gClár na gComhlachtaí Ceadúnú Cópchirt, cláraíodh comhlacht amháin i gClár na gComhlachtaí um Chearta Maoine Lucht Taispeána agus ní ndearnadh aon iontráil i gClár na gComhlachtaí um Chearta Bunachair Sonraí. Is féidir féachaint ar na Cláir ag <https://www.patentsoffice.ie/en/types-of-ip/copyright1/copyright-licensing-bodies/register-of-copyright-licensing-bodies/>.

Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaimne, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreacha sin a dhigitiú chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachair Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláráithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Cláraíodh sé eagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na bliain 2018.

An Bosca Forbatha Eolais

Bunaíonn an tAcht um **Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017)** (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagáin i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide. Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoin intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F.

Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamhsoiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

Tuarascáil KDB

Éilíonn Alt 18 (Tuarascáil KDB) ar an gCeannasaí faisnéis staitistiúil maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a aistaraingíodh, a diúltaíodh, líon na ndeimhniú eisithe agus eolas maidir le líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithniú a chur sa tuarascáil don Aire de réir Alt 103 (1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí ar aireagán faoi ábhar iarratais. Ní bhfuair an Ceannasaí aon iarratas bailí ar fhorbairt eolais in 2018.

Ag teacht i 2019

Ríomh-chomhdú TM - mionathrú a éascóidh comhdú trádmharcanna neamhthraidisiúnta

Tá am ag na Ballstáit go dtí an 14 Eanáir 2019 forálacha na Treorach (AE) 2015/2436 a thras-suí. Bíodh is go mbeidh gá le roinnt athruithe ar Acht agus Rialacha na dTrádmharcanna beidh mionathrú i gceist ar roinnt nósanna imeachta agus próiseas san Oifig, leis. Tá leasú déantar ar fheidhmiúlacht ríomh-chomhdaithe Trádmharcanna d'fhonn freastal ar chomhdú trádmharcanna neamhthraidisiúnta cosúil le fuaim, gluaisne, ilmheáin agus holagraim. Tá córais ag an Oifig cheana féin chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh sí gach rud faoin spriocdháta seo in 2019.

Uasghrádú ar Iris na hOifige

Tá sé i gceist ag an Oifig a hIris Oifigiúil a uasghrádú in 2019 chun an fhormáid a nuachóiriú, freastal ar chomhshnaidhmeadh trádmharcanna neamhthraidisiúnta i ndlí Trádmharcanna na hÉireann agus úsáid an tsuímh a dhéanamh níos éasca don úsáideoir.

Athrú ar ainm Oifig na bPaitinní

Tá an “An Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil, 2018” os comhair an Oireachtais faoi láthair chun ainm Oifig na bPaitinní a athrú go “Oifig um Mhaoin Intleachtúil na hÉireann.” Bhíothas ag súil go ndéanfaí an reachtaíocht seo a achtú in 2018 ach beidh éifeacht leis na hathruithe reachtaíochta seo chun ainm na hOifige a athrú go hoifigiúil uair éigin in 2019.

Reachtaíocht

Reachtaíocht 2018

Tá freagracht uileghabhálach ag Aonad Maoine Intleachtúla na Roinne Fiontar, Gnó agus Nuálaíochta maidir le beartas agus ullmhú reachtaíochta a bhaineann le maoin intleachtúil. De réir Ailt 103(1)(b) d'Acht na bPaitinní 1992 cuireann an Rialaitheoir sonraí den reachtaíocht ar fad a rinneadh in 2018 don riarachán a bhfuil an Rialaitheoir freagrach aisti san áireamh.

- **RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH (TRÁDMHARCANNA), 2018 (I.R. UIMH. 561 DE 2018).** Leis na Rialacháin seo, arna ndéanamh de bhun Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, leasaítear agus síntear forálacha áirithe de chuid Acht na dTrádmharcanna, 1996 chun éifeacht reachtúil sa Stát a thabhairt do Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoir 2008/95/CE a bhaineann le trádmharcanna agus d'fhorálacha áirithe de chuid Rialachán (AE) 2017/1001 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 ar Thrádmharc an Aontais Eorpaigh.
- **RIALACHA NA dTRÁDMHARCANNA (LEASÚ) 2018 (I.R. UIMH. 562 DE 2018).** Is é an príomhrud a dhéantar leis an Ionstraim Reachtúil seo ná nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 a thrasú agus, ar an gcaoi sin, leasaítear agus síntear forálacha áirithe de chuid reachtaíocht thánaisteach trádmharcanna na hÉireann, is é sin Rialacha na dTrádmharcanna, 1996.
- **RIALACHÁIN ACHT NA dTRÁDMHARCANNA 1996 (TRÁDMHARC POBAIL) (LEASÚ) 2018 (I.R. UIMH. 563 DE 2018).** Leis na Rialacháin seo leasaítear forálacha teicniúla áirithe sna Rialacháin Trádmharcanna Pobail 2000 (I.R. 229/2000) (“Rialacháin CTM”). Rinneadh na leasuithe chun éifeacht a thabhairt d'athruithe teicniúla i bhforálacha áirithe agus d'athruithe i dtéarmaíocht a eascraíonn as Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa ar an Trádmharc Eorpach.
- **RIALACHA UM PAITINNÍ, TRÁDMHARCANNA AGUS DEARAÍ (TÁILLÍ) (LEASÚ) 2018 (I.R. UIMH. 564 DE 2018)** Leis an Ionstraim Reachtúil seo tugtar isteach leasuithe ar na Rialacha um Paitinní, Trádmharcanna agus Dearaí (Táillí), 2001 (I.R. Uimh. 482 de 2001) lena n-áirítear táille nua €125 a tugadh isteach agus a ghearrtar ar clárúchán trádmhairc a roinnt (a éilítear de réir Airteagail 41 den Treoir).

Tá leaganacha neamhoifigiúla comhdhlúite d'Acht na dTrádmharcanna 1996 (mar a leasaíodh) agus de na Rialacha um Thrádmharcanna 1996 (mar a leasaíodh) ina bhfuil na leasuithe thuas san áireamh ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige sa chuid “Dlí agus Cleachtas”.

Faisnéis Airgeadais

B'ionann glanfháiltais ar fad a fabhraíodh don Stáitchiste in 2018 agus €9.82m, méadú de €0.49m nó 5% ar fhiigiúr 2017 de €9.33m. Tagann an cion is mó d'ioncam táille na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. Léirigh an t-ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinne agus trádmharc (lena n-áirítear táillí trádmharcanna id-irnáisiúnta) de €9.94m méadú de €0.50m, nó 5% ar fhiigiúr 2017.

B'ionann glanchostais na hOifige do 2018 agus €3.29m rud a léirigh méadú de €0.02m ar fhiigiúr comhfhreagrach 2017 de €3.27m. Is léir ó cheann de na figiúirí is suntasaí gur tháinig laghdú 43% ar tháillí poist agus teileachumarsáide in 2018 i gcomparáid le 2017 (ó €166,000 go €95,000). Tharla sé seo go díreach mar thoradh ar straitéis ríomh-chumarsáide na hOifige trína seoltar an oiread comhfhreagrais agus is féidir (de réir na rialacha) go leictreonach.

Faisnéis Airgeadais

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS 2018 (Níl cuntais iniúchta fós ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste)

FÁLTAIS	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	6,859
Táillí Trádmhairc	2,211
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMÍ (Nóta 3)	869
Táillí Dearaidh	24
Táillí eile	98
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	98
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	145
Fáltais ghlan fabhraithe don Státchiste	9,818

COSTAIS	€000
Tuarastail	2,013
Taisteal & Cothabháil	56
Ilnithe & Focostais	97
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	95
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	555
Costais Áitreabh Oifige	88
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl.	2
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	390
Iomlán	3,296

Nóta 1:

Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig na bPaitinní 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bPaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

	€000
Táillí Paitinne	13,248
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	6,389
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste	6,859

Nóta 2:

Feidhmíonn Oifig na bPaitinní mar Oifig fháltas d'iarraibí ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMÍ i rith 2018.

	€000
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMÍ, an Ghinéiv.	21
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich.	27
Iomlán	48

Nóta 3:

De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarraitas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMÍ).

Spriocanna Feidhmiúcháin 2018

Tá na bPaitinní Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige bunaithe ar na Prionsabail um Sheirbhís do Chustaiméirí Dhéag Ardchaighdeáin leagtha amach i "Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí an Rialtais Thionscnamh" agus leagtar amach na gníomhartha a bheidh éifeacht do na prionsabail a thabhairt. Tá na spriocanna seirbhísí custaiméirí san áireamh sa phlean seo.

Paitinní					
1.	Admhálacha foirmeálta a eisiúint d'iarratais comhdaithe i gceart laistigh de 5 lá oibre.	70%	7.	Iarratais Eorpacha agus PCT a chur ar aghaidh chuig EPO / WIPO laistigh de 5 lá oibre ón dáta a fhaightear iad.	100%
2.	Cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid paitinne a eisiúint laistigh de 4 lá oibre tar éis an t-iarratas a fháil.	100%	8.	Iarratas ar dheonú na bpaitinní gearrthéarmacha a fhaomhadh laistigh de thréimhse 6 mhí ó chomhdú iarratais chuí, iomlán.	53%
3.	Deimhniú athnuachana paitinne a eisiúint laistigh de 3 lá oibre tar éis táille athnuachana a fháil.	100%	9.	Tar éis na doiciméid agus na freagraí go léir atá riachtanach d'agóidí a bhaineann le hiarratais ar phaitinn a fháil, chun cinneadh a dhéanamh maidir le paitinní a dheonú nó a dhiúltú laistigh de dhá mhí.	89%
4.	Iarratais ar chlárú sannaithe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán agus i gceart a bheith tagtha isteach.	100%	10.	Fógra faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó chomhdú.	100%
5.	Dearbhú a eisiúint go ndearnadh leasuithe a iarradh ar chlár na bpaitinní i leith ainmneacha agus seoladh na ndílseánaigh agus na seoltaí le haghaidh seirbhíse a thaifeadadh laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas críochnaithe i gceart a fháil.	100%	11.	Fógra a eisiúint ar lochtanna substainteacha laistigh de 2 mhí ó chomhdú.	100%
6.	Paitinní a cheadú laistigh de 3 lá oibre tar éis táille deontais a fháil.	100%	12.	90% de na hiarratais neamh-rannachago léit ar phaitinn a aicmiú le foilsíú laistigh de 18 mí tar éis an dáta comhdaithe tosaíochta.	86%

Deimhnithe Cosanta Forlíontacha

1.	Admhálacha comhdaithe foirmeálta a eisiúint d'iarratais SPC a comhdaíodh i gceart laistigh de 5 lá oibre.	99%	3.	Scrúdú a dhéanamh ar gach iarratas ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta ag 12 mí deiridh roimh dháta éagtha na paitinne bunúsáí.	89%
2.	Fógra maidir le lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe.	100%			

Dearaí

1.	Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 5 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe i gceart.	89%	3.	Deimhnithe dearaidh a eisiúint laistigh de 5 lá oibre tar éis an t-iarratas a bheith cláraithe.	100%
2.	Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe ar líne i gceart.	76%	4.	Deimhnithe athnuachana a eisiúint laistigh de 1 lá oibre tar éis táille athnuachana a fháil.	100%

Spriocanna Feidhmiúcháin 2018

Trád Mharcanna

1.	Admhálacha comhdaithe foirmeálta a eisiúint d'iarratais chearta ar thrádmharc (páipéar bunaithe) laistigh de 5 lá oibre.	73%	12.	Cinntí a eisiúint maidir le rialacháin a rialáinn úsáid trádmharcanna comhchoiteanna laistigh de 2 mhí tar éis rialacháin inghlactha a chomhdú.	N/A
2.	Iarratas a eisiúint ar tháillí clárúcháin a íoc laistigh de 7 lá oibre ó dheireadh na tréimhse chun freasúra a chomhdú sa chás nach bhfuarthas aon fhreasúra.	100%	13.	90% de chinntí ar éisteachtaí a eisiúint laistigh de 1 mhí ón éisteacht.	89%
3.	Sa chás go ndéantar freasúra a chinneadh i bhfabhar an iarratasóra, eisítear iarratas ar tháillí clárúcháin laistigh de 7 lá oibre ó eisiúint tarraingthe siar an fhreasúra.	100%	14.	80% de ráitis scríofa a eisiúint ar fhorais chinntí in éisteachtaí laistigh de 2 mhí tar éis an t-iarratas sin a dhéana.	50%
4.	Trádmharcanna a chlárú laistigh de 3 lá oibre tar éis táille clárúcháin a fháil.	98%	15.	Cóipeanna de fhógraí freasúra agus iarratais ar chúlghairm nó dearbhú easláine a eisiúint do pháirtithe ábhartha laistigh de 2 seachtaine ón dáta a fhaightear iad.	100%
5.	Iarratais a chur ar aghaidh chuig clárúcháin Thrádmharcanna Idirnáisiúnta laistigh de 3 lá oibre tar éis iarratas a comhdaíodh i gceart a fháil.	100%	16.	Freagair a thabhairt ar 95% de chomhfhreagras scríofa ar iarratais aonair (freasúra, cúlghairm, easláine) laistigh de 2 seachtaine.	100%
6.	Admhálacha comhdaithe foirmeálta le haghaidh iarratas ar thrádmharcanna, comhdaithe i gceart ar líne, a eisiúint an chéad lá eile gnó.	100%	17.	Freagair a thabhairt ar iarratais aonair ar shíneadh ama roimh sula dtéann an spriocdháta ábhartha in éag sa chás nach ndéantar na hiarratais céanna níos déanaí ná coicís roimh an éagtha sin.	100%
7.	Cuardach tosaigh a dhéanamh maidir le hiarratais nua laistigh de sheachtain ón dáta a fhaightear é.	65%	18.	Glac le hiarratais ar thrádmharcanna laistigh de thréimhse 2 mhí ó chomhdú iarratais chomhlánaithe i gceart agus sa chás nach bhfuil aon agóidí luaithe ag an Oifig.	0%
8.	Seiceáil foirmeáltachtaí a chur i gcrích ar gach iarratas comhdaithe ar líne laistigh de sheachtain ón dáta a fhaightear é.	100%	19.	Deimhniú athnuachana trádmharc a eisiúint laistigh de 1 lá oibre ón íocaíocht a fháil.	100%
9.	Na céad litreacha faomhaidh/agóide a eisiúint laistigh de 8 seachtaine ó iarratais nua a fháil sa Rannán.	16%	20.	Cóipeanna agus sleachtaí deimhnithe agus ó Chlár na dTrádmharcanna a eisiúint laistigh de 4 lá oibre ón iarratas.	100%
10.	Réamhthuarascálacha cuardaigh a eisiúint laistigh de sheachtain ón iarratas.	100%	21.	Iarratais ar dháileadh trádmharcanna le haghaidh cláraithe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas comhlánaithe ina iomlán a chur isteach.	100%
11.	Freagair a thabhairt ar 95% de chomhfhreagras i scríbhinn ar iarratais aonair laistigh de choicís.	100%	22.	Dearbhú a eisiúint go ndearnadh taifead do leasuithe a n-iarradh orthu ar Chlár na Trádmharcanna i leith ainmneacha agus seoladh na ndílseánaigh agus na seoltaí le haghaidh seirbhíse laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas críochnaithe i gceart a fháil.	100%

Ginearálta

Admhálacha íocaíochta a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar gach táille (i bhfoirm seice, dréacht bainc nó órdú airgid) a fuarthas.	100%
--	------

Déan teagmháil linn

Oifig na bPaitinní
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

Fón (00353) 56 7720111
LoCall Fón 1890 220223 (lastigh d'Eireann)
Faics (00353) 56 7720100
Lo Call Faics 1890 220120 (lastigh d'Eireann)
r-phost patlib@patentsoffice.ie
Idirlín www.patentsoffice.ie

Uaireanta oscailte

9:30-5pm Dé Luain-Dé hAoine

